Grádh mo chroidhei-se Cormac

[McKenna, L.: *The Book of O'Hara*, Dublin, 1951, poem 11]

Fearghal Óg Mac an Bhaird

1 Grádh mo chroidheisi Cormuc,
rí Luighne na leapharghlac,
slat chraobhnár d'óigfhiodh na n-Art,
mh'aonghrádh dho chóigeadh Connacht.

2 Tugas grádh chon dá cuaini
dá ghruaidh ghairthi ghríosnuaidhi,
ré lán fa bhfeacthar an fiodh,
nó grádh ealtan dá hinbhear.

3 Tugas grádh eoin dá énoibh
dá bhais tseada tseingmhéraigh -
do mhuin toile a-tám dá thaobh -
nó grádh oighi dá hóglaodh.

4 Nír charus é gan fhachoin
Ó hEadhra in fhuilt fhionnsgothoigh;
tearc a aithghein do chloind Chéin,
dá aithribh nír thoill toibhéim.

5 Ní thiocfa ní tháinig riamh,
a gcrích Chuinn na gcoll mbairrfhiar,
gég tharuidh nar mhuidh mionna,
a samhoil d'fhuil Oiliolla.

6 Ar uiread righe ris féin
ní chuala a aithghein ainnséin,
fonn trághfhoirfe na tTrí bhFear,
rí sároighthe na sinnsear.

7 Ó hEadhra Buidhe, bas dil,
fáth mo ghráidh dá ghruaidh chrithrigh
- bíd do hsíor ag cleith Chabha
fíon is eich is ealagha.

8 Ar sdéduibh uaisle, ar eallach,
gnáth leis dán do dheighceannach,
's fíon do dhaoircheannach mar dhigh,
gríobh ó chaoimhtheallach Caisil.

9 Cormac mhac Céin, cúl failgheach,
triath éachtach na n-oghoinbhreath
dreach craobhghoirthe ar nar chinn lámh,

sinn taobhshnoighthe dá thromghrádh.

10 Ar feadh Luighne na learg ndonn,
toibhéim uirre ní fhaghann,
earla fiar na gcleath gceiníl,
neach nach cian ó Chaiteilín.

11 Nír thuill ó ollamhnoibh fheirg;
nocha raibhe ó aois óigleinb
a n-aghoidh duine le dán,
do thabhaigh uile a n-énghrádh.

12 Ceand einigh innsi Logha
Mág Aonghusa mh’fhíorchara,
líonta a-nú dá thoil a-tám
a-tú ar n-am ghoin dá ghéarghrádh